

Miontuairiscí an Bhoird Iniúcháireachta

Dáta: 12 Iúil 2024

Suíomh: Sráid an Mhéara

Ag an gcruinniú: Seamus McCarthy (Cathaoirleach), ARC&C
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúcháireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúcháireachta
Deirdre Quaid, Stiúrthóir Iniúcháireachta
Mitchell McIntyre, Leas-Stiúrthóir, rúnaí an Choiste Iniúcháireachta
Bhí Sinéad Foy (Leas-Stiúrthóir) i láthair do mhír 6b den chlár oibre
Bhí Orla Duane (Leas-Stiúrthóir) agus Niall Mulligan (Bainisteoir Iniúcháireachta) i láthair do mhír 6c den chlár oibre

1. Socrú an chlár oibre

Socraíodh an dréacht-chlár oibre.

2. Breacadh síos aon choimhlinte leasa

Níor tuairiscíodh aon choimhlint leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

3. Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo, cúrsaí atá ag teacht aníos agus liosta gnímh

Comhaontaíodh miontuairiscí an chruinnithe ar an 26 Márta 2024 le mionleasuithe agus faomhadh iad le foilsiú ar inlín na hOifige agus ar an suíomh gréasáin.

Rinneadh athbhreithniú ar an liosta gnímh agus pléadh é.

- Bhreac an Bord síos an dul chun cinn a rinneadh sa tionscadal chun bunachar sonraí d'achomre reachtaíochta a fhorbairt. Cuireadh achoimrí reachtaíochta le chéile agus tá an t-athbhreithniú cáilíochta ar na hachomrí le cur i gcrích faoi mhí na Nollag 2024. Rinneadh athbhreithniú ar an mír ghnímh dá réir sin.
- Luaigh an Bord gur phléigh an Bord an próiseas inmheánach doiciméadúcháin maidir le measúnú a dhéanamh ar nochtuithe cosanta agus teagmháil a dhéanamh leis an teagmhálaí tuairiscithe ar an 14 Bealtaine 2024. Luaigh an Bord chomh maith gur postáladh an *Beartas athbhreithnithe maidir le nochtuithe d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste* ar shuíomh gréasáin na hOifige ar an 24 Aibreán 2024. Dúnadh an pointe gnímh seo.
- Luaigh an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar an gcuntas nochtuithe agus sa chás gur gníomhaíodh i leith na sean-nochtuithe cheana féin, dúnadh iad. Dúnadh an pointe gnímh seo.
- Rinne an Bord athbhreithniú ar nóta faoi struchtúr dlí agus socrúcháin riaracháin an Chiste Chaipitlithe Mhargaidh agus aontaíodh an pointe gnímh seo a dhúnadh.
- Luaigh an Bord gur scríobh an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúcháireachta chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le cur i bhfeidhm na cuntaisíochta fabhraithe. Leagadh béim sa chumarsáid ar an tábhacht a bhaineann leis an reachtaíocht chuí atá taobh thiar de sin, agus nach mór di dul i ngleic le ceist fhoilsiú na ráiteas airgeadais iniúchta, in éineacht le foilsiú comhaimseartha na tuairisce ar chuntais na seirbhísí poiblí. Tá sé seo thar a bheith ábhartha, go háirithe i gcomhthéacs na sceideal atá ag gluaiseacht chun tosaigh agus na riachtanas acmhainne a bhaineann leis sin. Dúnadh an pointe gnímh seo.

Luaigh an Bord go bhfuil an tAonad Cáilíochta agus Caighdeán ag cur páipéar le chéile don chéad chruinniú eile de chuid an Bhoird, ina dtugtar achoimre ar an Treoir Tuairiscithe Inbhuanaitheachta Corparáidí agus an tionchar a bheidh aige seo ar an Oifig agus ar an heintitis iniúchta.

4. Baol atá ag Teacht Chun Cinn

Thug an Bord faoi deara go mbaineann baol féideartha le hinrialtitheacht na rochtana ar fhaisnéis iniúcháireachta ag baint úsáid as ardán idir-rannach HIVE arna óstáil ag OGCIÓ.

5. Clár iniúcháireachta airgeadais (páipéar A)

Shonraigh an Bord an páipéar ina dtuairiscítear an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir le trí sprioc iniúcháireachta airgeadais KPI de chuid na hOifige don bhliain 2024. Luadh sa pháipéar chomh maith gur deimhníodh na hocht gcuntas le tréimhsí a chríochnaíonn in 2022 ó bhí an cruinniú deireanach Boird ann, agus rinneadh dul chun cinn sa dá chuntas 2022 eile, nár deimhníodh.

6. Clár iniúcháireachta feidhmíochta

a. Stádas na n-iniúchtaí feidhmíochta (Páipéar B)

Thug Stiúrthóir na hIniúcháireachta Feidhmíochta léargas ginearálta don Bhord maidir le stádas na gcaibidlí don Tuairisc ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2023 agus stádas na dtuairiscí speisialta leanúnacha.

b. Treochtaí an tsoláthair neamhchomhlíontaigh (Páipéar B.1)

Thug Stiúrthóir na hIniúcháireachta Feidhmíochta léargas ginearálta don Bhord ar an bpáipéar ina ndéantar anailís ar chásanna an tsoláthair neamhchomhlíontaigh in eintitis a ndearnadh iniúchadh orthu. Luaigh an Stiúrthóir obair Magda Artim agus an anailís á cur le chéile aige.

Phléigh an Bord an anailís agus thug sé aiseolas ar chur i láthair na hanailíse.

c. Clúdach earnála na hiniúcháireachta feidhmíochta (Páipéar B.2)

Phléigh an Bord an páipéar ina ndéantar comparáid idir táirgeacht na hiniúcháireachta feidhmíochta thar an tréimhse 2021-2023 agus minicíocht phleanáilte an chlúdaigh tuairiscithe do na hearnálacha ar leith mar atá leagtha amach i straitéis iniúcháireachta feidhmíochta na hOifige (2021-2025).

Tháinig an clúdach leis an straitéis in go leor earnálacha, ach ní raibh an táirgeacht do roinnt earnálacha chomh minic is a pleanáladh iad a bheith. Dúirt Stiúrthóir na hIniúcháireachta Feidhmíochta go ndéanfar an páipéar a nuashonrú agus go ndéanfar athbhreithniú air nuair a bheidh iniúchtaí feidhmíochta na bliana seo chugainn á roghnú.

D'iarr an Bord go gcuirfí leis an gcuid den pháipéar maidir le scrúduithe nach ndearnadh tuairisciú orthu, chun líon na n-uaireanta/na laethanta a caitheadh ar na tionscadail seo a chur léi.

Mhol an Bord roinnt mionleasuithe ar chur i láthair an pháipéir agus aontaíodh an páipéar a fháil go bliantúil.

7. Iniúchtaí nua/iniúchtaí deiridh (páipéar C)

Phléigh an Bord an páipéar agus aontaíodh na hathruithe a cuireadh i láthair a chur i bhfeidhm. Thug na Stiúrthóirí an scéal is deireanaí maidir leis an 'gcéad tréimhse chuntasaíochta' agus 'sannadh an Leas-Stiúrthóir' le haghaidh roinnt iniúchtaí nua.

Aontaíodh na heintitis seo a leanas a bhaint ó liosta na n-iniúchtaí nua toisc gur socraíodh na heintitis agus sannadh an fhoireann iniúcháireachta.

- An Ghníomhaireacht maidir le Foréigean Baile, Gnéis agus Inscnebhunaithe
- Seirbhísí Poiblí LDA DAC
- Gabháltas Cónaithe LDA DAC
- An Ciste Caipitlithe Margaidh

Cuireadh iniúchtaí chuntais dheiridh na gcliant seo a leanas i gcrích, agus dá bharr sin baineadh ó na táblaí iad.

- An Ciste Comhshaoil

8. Nuashonrú ráithiúil reachtaíochta (páipéar D)

Phléigh an Bord an páipéar seo.

9. Cuntas nochtuithe (páipéar E)

Phléigh an Bord an páipéar, ina leagtar amach sonraí achoimre na gcásanna nochtuithe atá oscailte faoi láthair agus iad siúd atá dúnta ón gcruinniú deireanach.

D'iarr an Bord go ndéanfar an cur i láthair a shimpliú sna cruinnithe amach romhainn, chun inléiteacht an pháipéir a fheabhsú.

10. Iniúchtaí molta deireadh bliana 2024 don EQR (páipéar F)

D'fhaomh an Bord na hiniúchtaí deireadh bliana do chuntas 2024 a moladh don EQR mar a cuireadh i láthair sa pháipéar.

Sábhálfar an liosta faofa ar an tiomántán faisnéise bainistíochta agus na EQRanna sannta.

11. Tuairisc maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na straitéise (páipéar G)

Phléigh an Bord an páipéar agus cuireadh fáilte roimh an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Oifig maidir le tabhairt faoi na gníomhartha straitéise atá taobh thiar de Ráiteas Straitéise na hOifige 2021-2025. Phléigh an Bord roinnt gníomhartha atá fós le déanamh atá ar an liosta sa pháipéar. Chomh maith leis sin, phléigh an Bord an phleanáil do phlean straitéiseach 2026-2030, agus iarradh go soláthrófaí an plean ina ndéantar cur síos ar an sceideal chun an plean straitéiseach a chur i gcrích ag cruinniú R4 2024.

12. Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Monatóireachta agus Eitice 2023 (páipéar H)

Phléigh an Bord Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Monatóireachta agus Eitice 2023.

Phléigh an Bord an rialú chun athbhreithniú a dhéanamh ar iniúchtaí airgeadais a dearbhaíodh faoi údarás tarmligthe. Toisc go bhfuil an próiseas ina dtugtar údarás tarmligthe seanbhunaithe faoin tráth seo, d'aontaigh an Bord go ndíreoidh an rialú ar athbhreithniú ar iniúchtaí a dheimhnigh baill foirne ar tugadh údarás tarmligthe dóibh le deireanaí.

13. Aon ghnó eile

Thug rúnaí an Bhoird an scéal is deireanaí maidir le hullmhú Thuarascáil Feidhmíochta na hOifige. Táthar ag súil go mbeidh an tuarascáil réidh le foilsiú i mí Lúnasa.

Beidh an chéad ghnáthchruinniú eile de chuid an Bhoird Iniúchóireachta ar siúl ar an Aoine 11 Deireadh Fómhair 2024.